# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2019

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# TEASTAS SÓISEARACH 2019

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR

# ARDLEIBHÉAL

**SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2019 STAIR - ARDLEIBHÉAL**

**MODHANNA NA MARCÁLA**

1. Is éard a bheidh i gceist i modh na marcála: Na freagraí ar fad a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh orthu. Marcanna a dháileadh ar na comhpháirteanna de réir na scéime comhaontaithe. Na marcanna a chur leis agus aird á tabhairt ar: (i) an tuasmhéid in aghaidh na roinne; (ii) an t-uasmhéid in aghaidh ceiste.

2. Comhpháirteanna

   Fíricí

   (i) Sonraí a chuirtear i láthair i bhfoirm radharcach a aithint;
   (ii) Fíricí a lua.

   Ráiteas Iomchuí (RI)

   (i) Fíric, gné nó céim thábhachtach a bhaineann leis topaic;
   (ii) Míniú ar théarma nó ar choincheap a bhaineann leis an topaic;
   (iii) Léirmhíniú, tuairim, barúil, breithiúnas bailí a bhaineann leis an topaic;
   (iv) 2/3 de ráitis fíorais thrialacha, etc;
   (v) Cúis / éifeacht thábhachtach;
   (vi) Léarscáil / léaráid ábhartha a bhaineann le hábhar (d’fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná RI amháin ag dul don léarscáil nó léiriú); (vii) Ábhar tosaigh bailí.

3. Marcáil

   (a) Bronntar na marcanna seo a leanas ar fhreagraí:
      (i) Marc carnach (MC);
      (ii) Marc san Iomlán (MI);

   (b) An Marc Carnach (MC); Ag tosú ag tús an fhreagra, cuir tic soiléir (√) le gach fíric nó RI. Bronn an marc/marcanna atá comhaontaithe ar an scéim marcála as gach fíric nó RI.

   (c) Marc san Iomlán (MI); Agus breithiúnas á dhéanamh ar an MI, ní mór don scrúdaitheoir cáilíocht na ceiste a chur san áireamh i bhfianaise na ceiste socraithe. Ní mór an t-iomlán a bhronnfar as MC agus MI a thaispeáint astu féin e.g. 5+2 = <7

   (d) Cuir iomlán na marcanna ar gach cuid den cheist ar imeall na láimhe deise: ní mór ceithre mharc a thaispeáint mar <4. Téigh ar aghaidh agus marcáil an chuid eile ansin. Cuir móriomlán na ceiste, mar shampla (30), ar imeall na láimhe clé in aice le huimhir na ceiste.

   (e) Léigh na ceisteanna ar fad, fiú ceisteanna breise, ceisteanna athdhéanta nó ceisteanna cealaithe. Glactar leis an bhfreagra a fhaigheann na marcanna is mó, laistigh de rúibricí an scrúdpháipéir.

**N.B. Úsáidtear 'Etc.'( srl.) sa Scéim Marcála chun a léiriú go bhféadfaí glacadh le freagraí eile; i ngach cás eile, ní fhéadfar marcanna a bhronnadh ach ar an bhfreagra a tugadh sa scéim nó 'focail chun na críche sin'.**

**TEASTAS SÓISEARACH: STAIR 2019**

**Scéim Mharcála, Ardleibhéal.**

**1. PICTIÚIR** **(15 mharc)**

(a) Pictiúr A: ***Tuama Pasáiste ag Dowth, Co. na Mí, 2018***

(i) Scuab (péinte) 1M

(ii) An ghreanadóireacht ar an gcloch(breacaireacht, rianadóireacht srl)/ ní raibh ach uirlisí cloiche acu/ ní raibh teacht acu ar mhiotal, srl

**Aon** mhíniú bailí 2M

(iii) Radio-charbóin nó dátú carbóin 14/ Crann chroineolaíocht nó dátú fáinní na gcrann/ Dátú pailín/ Sraitheolaíocht/Imscríbhinní ar dhéantáin, srl.

**Dhá** mhodh dátaithe 1 + 1 = 2M

(b) Pictiúr B: ***Nuair a cuireadh Marie Antoinette chun báis ar an 16 Deireadh Fómhair 1793***

(i) Gilitín 1M

(ii) Le cruthú go raibh sí marbh, srl.

**Aon** chúis amháin. 2M

(iii) Cur amú na maoine náisiúnta/ Comhcheilg i gcoinne slándála an Stáit, inmheánach agus seachtrach/ Ardtréas (toisc a gníomhachtaí fáisnéise ar son an namhaid)

**Aon** chúis amháin. 2M

(c) Pictiúr C: ***Illustrated London News, 1846***

(i) Arbhar Indiach Pheel/ arbhar/ruibhchloch Pheel/Mín bhuí 1M

(ii) Tá daoine ag brú a chéile chun dul isteach sa siopa, srl.

**Aon** phíosa fianaise 2M

(iii) Dúchán/ Teip na bprátaí/ Ró-bhraith ar an bpráta/ Fo-roinnt na talún/ Teip na Sasanach déileáil go cuí leis an ngéarchéim, srl.

**Dhá** chúis bhailí. 2M

**2. DOICIMÉID** **(15 mharc)**

(a) ***Sliocht as 'Saol na bpéintéirí, na nDealbhóirí agus na nAiltirí is mó Cáil' le Vasari***

(i) Cremona 1M

(ii) (An Tiarna) Diúc Alba 1M

(iii) 'Chun go ndéanfaí í a tionlacan le mór onóir chun na Spáinne'/ 'tugann sé liúntas maith di'/ 'á coinneáil in éineacht leis an mBanríon'

**Aon** sampla amháin 1M

(iv) 'I gcuimhne ar thallann Sofonisba'/ mar nach raibh 'flúirse dá cuid saothar ag an Iodáil' 1 + 1= 2M

(v) Cosimo de Medici/Lorenzo de Medici/ Ludovico Sforza/ Iúil II/ Leo X, srl.
1 + 1 = 2M

(b) ***Sliocht as óráid Lasaire Frithbheartaíochta na Fraince, 1940.***

(i) Deireadh a chur leis an gcogaíocht 1M

(ii) Tancanna, eitleáin agus teaicticí na nGearmánach 1M

(iii) Blitzkrieg (**Ná** glac le Blitz leis féin) 2M

(iv) Dar le de Gaulle 'tá impireacht ollmhór taobh thiar di'/ 'is féidir léi dul i gcomhar le himpireacht na Breataine'/ 'Féadfaidh (an Fhrainc) leas gan teorainn a bhaint as achmhainní tionsclaíochta na Stát Aontaithe'

**Dhá** chúis 1 + 1 = 2M

(v) Vichy (France) 2M

**3. GEARRCHEISTEANNA** **(20 marc)**

Tabhair marcanna don deich gceist is fearr freagartha. Is fiú uasmhéid 2 mharc í gach ceist.

(i) Míniú = 1M; Sampla = 1M

Míniú: Foinse ón am atá faoi chaibidil. Sampla: Daonáireamh/Grianghraf/Cur síos ó bhéal/ Nuachtán/ Dialann, srl. **Dhá** chuid, míniú & sampla 1 + 1 = 2M

(ii) Déantar láthair a thochailt i ndiaidh teacht go randamach ar dhéantán/ Suíomhanna fhoirgintí nó séadchomharthaí ársa/ Suíomhanna luaite i bhfinnscéalta nó sa bhéaloideas/ Gnéithe tugtha faoi deara ó aer-ghrianghraif, srl.

Modh **amháin** bailí 2M

(iii) Tuama (meigealiteach)/áit adhlachta 2M

(iv) An tine a chlúdach nó a mhúchadh istoíche (ar mhaithe le sábháltachta)

Ná glac leis an gcoincheap nua-aimseartha mar gheall ar a bheith laistigh faoi am ar leith 2M

(v) Ballaí tiubha/ áirsí cruinne/ cuaillí nó stóinsí diongbháilte/ boghtaí cruinne/ túir mhóra/ stuabhealaí maisithe.

**Dhá** ghné bhailí d'ailtireacht Rómhánúil. 1 + 1 = 2M

(vi) Teileascóp/ Gluaiseacht na bplainéad/ Teoiric an luascadáin/ Domhan-tharraingt, srl.

An clóphreas = 0 marc

**Dhá** fhorbairt bhailí san eolaíocht. 1 + 1 = 2M

(vii) Mí-úsáideanna/ Síomóntacht/ Finíochas/ Iolrachas/ Neamhláithreacht/ Cléir neamhoilte/Pápa agus easpaig chorbacha/ Díol na loghanna, srl. ('Loghanna' = 0 marc)

**Dhá** chúis bhailí 1 + 1 = 2M

(viii) Na hÍosánaigh/Cumann na nÍosánach 2M

(ix) Throid saighdiúirí ón Fhrainc ar thaobh na Meirceánach/ Thug siad smaointí réabhlóideacha ar ais chun na Fraince leo/ D'eirigh rialtas na Fraince banc-bhriste dá bharr, srl. **Dhá** thoradh bailí 1 + 1 = 2M

(x) Loch Garman. 2M

(xi) Éileamh toisc an fháis sa daonra/ Bhí oibrithe ar fáil do na monarchana toisc na réabhlóide talmhaíochta/ Trádáil leis na coilíneachtaí/ An-chuid iarainn agus guail inti/ Bhí daoine ann a bhí sásta infheistiú sa tionsclaíocht, srl.

(Bhí an-chuid daoine saibhre sa Bhreatain/ Réabhlóid talmhaíochta = 0 marc)

**Dhá** chúis chuí. 1 + 1 =2M

(xii) Dhein sé amach paistéaradh/ vaicsín i gcoinne confaidh, srl. 2M

(xiii) Longa (trasatlantacha) ar ar bhásaigh imircigh de dheasca ocrais nó galar/

Longa míshábhálta, mí-oiriúnacha a sheol ó Éireann l'imircigh.

Míniú **amháin.** 2M

(xiv) Conradh agus Cúnant Sollúnta (Uladh) 2M

(xv) Marú ceannairí an SA ar orduithe Hitler/ Scrios an SA / Marú na gcéadta de lucht freasúra Hitler 2M

(xvi) Chun tacaíocht a thabhairt do Franco/ Chun tacaíocht a thabhairt don Eaglais/ Chun seasamh i gcoinne Cumannachais/ Chun seasamh i gcoinne Faisisteachais/ Chun tacaíocht a thabhairt don rialtas (rialtas na Spáinne) Chun tacaíocht a léiriú do Chumannachas.

Cúis bhailí **amháin.** 2M

(xvii) (Neville) Chamberlain 2M

(xviii) D'fhéach Éire air mar chogadh Briotanach seachas cogadh Éireannach/ Thacaigh formhór an daonra le neodrachas/ Thaispeán sé go raibh Éire neamhspleách/ Bhí Éire ró-lag chun troda/ Bhí Tuaisceart Éireann fós mar chuid den Ríocht Aontaithe

**Dhá** chúis bhailí 1 + 1 = 2M

(xix) An Scéim Mháthar agus Linbh/ Díothú (fáil réidh le) eitinn/ Ospidéil eitinne/ Sanatóirí (Acht Shláinte/ Oispidéil nua = 1M)

Tionscnamh **amháin** 2M

(xx) Risteárd Ó Maolchathaigh/ Séamus Ó Diolúin/ Liam Mac Cosgair/ Gearóid Mac Gearailt/ Seán Bruton/ Alan Dukes/ Mícheál Ó Núnáin/ Éanna Mac Cionnaith/ Leo Varadkar

**Beirt** cheannaire ar Fhine Gael 1 + 1 = 2M

**4. DAOINE SA STAIR** **(40 marc)**

Tabhair freagra ar cheann **AMHÁIN** ó A agus ar cheann **AMHÁIN** ó B.

Marcáil ar phrionsabal an RI (Ráiteas Iomchuí). Gach RI = 2 Mharc. [Is féidir 1 Mharc a bhronnadh as RI neamhiomlán – **ach ag deireadh cuntais amháin.**]

**Marcanna: MC Uasta = 16** [Treoir Ábhar: 2M x 8 = 16] **MI Uasta = 4**

Bain úsáid as an scála seo a leanas agus MI á bhronnadh:

**AN-MHAITH = 4M; GO MAITH = 3M; MEASARTHA = 2M; LAG = 1M**

Faigheann ceist an-mhaith 4 MI – ní chaithfidh sé a bheith ar fheabhas. Bronn 1 MI as an topaic a aithint mar is ceart.

**Mura bhfuil an freagra ó dhearcadh an duine faoi leith, bronn 1 MI ar a mhéad.** Mar sin féin, ní chiallaíonn sin go gcaithfidh an freagra a bheith scríofa sa chéad phearsa.

**Roinn A**

Déanann na hiarrthóirí A (i) nó A (ii) nó A (iii)

A (i) **Feirmeoir a chónaigh in Éirinn anallód (réamh-Chríostaí).**

Is féidir leis an iarrthóir aon aois ó Éirinn anallód a roghnú - an Aois Neoiliteach / an ChréUmhaois/ an Iarannaois.

Má chuimsíonn an freagra ábhar ó aoiseanna éagsúla, marcáil gach ceann ar leithligh agus tabhair creidiúint don cheann is fearr. Liosta bianna = 1 RSÁ ar a mhéad.

A (ii) **Manach i mainistir in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta.** Ná bronn marcanna as ábhar a bhaineann go hiomlán le mainistreacha na Meánaoise.

Má ainmnítear i gceart ceann de na mainistreacha, mar shampla: Is manach mise i nGleann Dá Loch = 1 RSÁ AGUS Bhí mainistreacha luath-Éireannacha ann i gCluain Mhic Nóis, i gCeanannas na Mí agus i Sceilg Mhichíl chomh maith = 1 RSÁ.

Urnaí phobail = 1 RSÁ ar a mhéad.

Cloigthithe (Túir chruinne) = 2 RSÁ ar a mhéad.

Teach screaptra = 2 RSÁ ar a mhéad.

Dhá ghné den mhainistir ach gan iad a bheith mínithe = 1 RSÁ

(iii) **Scríbhneoir, a ainmnítear, ón Athbheochan.**

Ní mór duine ar leith (e.g. Shakespeare) a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharc as ainm an duine. Mura luaitear ainm an duine, nó más mícheart atá sé, ach má bhaineann an t-ábhar go soiléir le scríbhneoir ar leith, OM = 3 ar a mhéad.

Gach leabhar/ dráma/ dán a ainmnítear agus a ndéantar cur síos air = 1 RSÁ. B'fhéidir go dtuillfeadh faisnéis bhreise tuilleadh RSÁ. Mura dtugtar ach liosta lom saothar (e.g. drámaí Shakespeare), 2 shaothar = 1 RSÁ.

**Roinn B**

Déanann na hiarrthóirí B (i) nó B (ii) nó B (iii)

B (i) **Úinéir talún dúchasach Éireannach a chaill talamh i bplandáil ainmnithe le linn na séú nó na seachtú aoise déag.**

Éilíonn an cheist seo go gcuirtear an duine i bplandáil ar leith, bíodh sí ainmnithe nó intuigthe, ach níor cheart aon mharc a bhronnadh as plandáil a ainmniú.

Má thugtar léargas an phlandálaí amháin sa fhreagra, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad. Mura luaitear ainm na plandála, nó más mícheart atá sé, ach baineann an t-ábhar le plandáil ar leith, OM = 3 ar a mhéad. Contaetha a plandáladh = 1 RSÁ.

B (ii) **Úinéir monarchan/mianaigh le linn na Réabhlóide Tionsclaíochta sa Bhreatain, thart ar 1850**.

Má thugtar léargas an oibrí monarchan amháin sa fhreagra, CM = 8 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad. Is bailí atá dálaí oibre etc., ar choinníoll go bpléitear iad ó thaobh an úinéara de.

Tuairimí an úinéara faoi **gach** gné de shaol an oibrí lasmuigh den mhonarcha, e.g. teach/ éadach/ cothú(bia)/ caitheamh aimsire, etc. = 1 RSÁ ar a mhéad. Gach dáil mhonarchan a luaitear nó a ndéantar cur síos nó forbairt uirthi = 1 RSÁ.

B (iii) **Ceannaire, a ainmnítear, sa choimhlint ar son neamhspleáchas na hÉireann, 1916-1923**

Ní mór ceannaire ar leith a ainmniú nó a bheith intuigthe, ach ní bhronntar aon mharc as ainm an cheannaire.

Mura bhfuil sa fhreagra ach plé lom ar an imeacht nó ar an ngluaiseacht, CM = 10 ar a mhéad agus OM = 1 ar a mhéad.

Caith leis an ábhar ar fad go dtí an bhliain 1916 mar 1 RSÁ ar a mhéad.
Caith leis an ábhar ar fad tar éis na bliana 1923 mar 1 RSÁ ar a mhéad.

**5. NA TURAIS TAISCÉALAÍOCHTA**

**A. Foinse D**

A(i) Ceithre cinn d'éin thrópaiceacha 2M

A(ii) Spreag an tAimiréal (Colambas) iad ar an mbealach ab fhearr a d'fhéad sé/Mhínigh sé dóibh an brabús a bhíodar ar tí a fháil. 2M

A(iii) Níl aon airm acu/ Níl aon eolas acu orthu(airm)/Rug siad ar lann nó faobhar claimhte Cholambais agus ghearradar iad féin/ níl a gcuid sleánna déanta as iarann/ níl acu ach maidí

Píosa **amháin** fianaise bailí 2M

A(iv) (Máirtín agus Uinseann) Pinzon 2M

**B. Foinse E**

B (i) Is foighní/ síochánta/ Ní bhíonn aon olc acu do dhaoine/ Ní tharraingíonn siad achrann/ Tá siad ullamh chun foghlama agus sásta foghlaim

Aon **dhá** shampla 1+1= 2M

B(ii) Deir sé 'Tá gach seans go nglacfaidh said lenár gcreideamh Caitliceach' 2M

B(iii)Déanann sé cur síos ar na Spáinnigh mar faolchúnna fiáine mar gur chaitheadar go foréigeannach leis na dúchasaigh m.s. 'mharaigh agus sceimhligh (siad) na daoine dúchasacha'/ 'Ag déanamh sléacht agus ag tabhairt drochíde ar bhealaí aisteacha'/ srl. 2M

B(iv) Galar/ Ocras/Sclábhaíocht Cúis bhailí **amháin** 2M

B(v) **Glac le freagraí SEA agus NÍ HEA**.
Caithfidh an t-iarrthóir fianaise a thabhairt lena fhreagra.
Ba cheart go léiroidh an freagra go dtuigtear an coincheap "ag taobhú go mífhéaráilte" le dream amháin seachas a chéile.
**Fianaise amháin gan aon ráiteas le tacú léi = 0m** 2M

C. Marcáil an freagra de réir phrionsabal na RSÁ:

**[Uasmhéid CM = 10M Uasmhéid OM = 2M]**

**OM**: 2M = an-mhaith / maith; 1M = measartha / lag; 0 marc = an-lag

Cuntas **amháin** 10 + 2 = 12

**Ní mór gach pointe a rá is a mhíniú chun RSÁ a ghnóthú. Ráite, gan míniú, 1M ar a mhéid. Caithfear cloí leis na cinnteidil seo:**

- Anraí an Loingseoir agus an tionchar a bhí aige m.s. , a scoil loingseoireachta, teicnící nua sa longthógáil

- Chuir Anraí an Loingseoir taiscéalaithe síos cósta na hAfraice m.s. Rinn Bojador/ chuadar chomh fada le h-abhann na Gaimbia
- Chuaigh Diaz timpeall Rinn an Dóchais
- Bhain Vasco da Gama an India amach
- Bhaineadar amach slí mara chuig Oileáin na Spíosraí
- Bhain Pedro Cabral an Bhreasaíl amach

(ii)

- Cúiseanna an choncais
- Cortes agus na hAstacaigh
- Shroich Cortes Tenochtitlan
- Maraíodh Montezuma II
- Bhris Cortes na hAstacaigh
- Na hiarmhairtí do na dúchasaigh/na Spáinnigh

(iii)

- Cúiseanna an choncais
- Pizarro agus na hIncigh
- Bhuail Pizarro leis an Impire Atahualpa
- Imtheorannaíodh Atahualpa
- Bás Atahualpa
- Na hiarmhairtí do na dúchasaigh/na Spáinnigh

Cuntas **AMHÁIN** le bheith scríofa 10 + 2 = 10M

**6A NA MEÁNAOISEANNA** **(30 MARC)**

(i) ***Tearmann***: áit bheannaithe ina raibh duine sábháilte óna ghabháil/ an chuid ba bheannaithe den tséipéal/ áit a raibh an ard altóir

***Seomra caibidle***: seomra cruinnithe (na manach)/ seomra chun gnó na mainistreach a phlé/seomra ina toghadh an t-ab.

***Clabhstra*****:** cosán clúdaithe (timpeall ar gháirdín)

**Dhá** mhíniú cuí 2 + 2 = 4M

(ii) An trí chéim mínithe: Péitse (giolla), Scuibhéir agus Dubbáil (An Searmanas Ridireachta) 3 x 2 = 6M

(iii) Marcáil na freagraí ar phrionsabal an RI **[Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]**

**MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

**DHÁ** chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 2 = 20M

**6B ATHRUITHE SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ AOISE** **(30 MARC)**

(i) ***Tuairisceáin daonáirimh*****:** tugann siad eolas ar athruithe sa daonra thar am/ Bíonn sonraí iontu ar cheisteanna sóisialta m.s. tithíocht, litearthacht, oideachas agus pósaidh, srl.

***Seanléarscáileanna****:* Taispeánann siad gnéithe ar nós foirgnimh, bóithre, droichid agus úsáid talún/ Tig leo athruithe thar am a thaispeáint.

***Leabhair rolla scoile****:* Taifead iad seo ar líonta, inscne agus aoiseanna iad siúd a d'fhreastal ar scoil ar leith.

Cé chomh úsáideach a bheadh **dhá** fhoinse do staraí áitiúil 2+2=4M

(ii) Tógadh bungalóanna in áit an-chuid tithe feirme/uisce reatha anois i ngach teach/ Áiseanna nua-aimseartha anois i ngach cistin/ Teas lárnach sa chuid is mó de na tithe/ Leictreachas ar fáil do na tithe go léir faoin dtuath/ Blocanna árasán tógtha sna cathracha agus in an-chuid bailte/ Eastáit tithíochta i mbruachbhailte in an-chuid baile mór srl.

**Trí** athrú i dtithíocht 3x2=6M

(iii) Marcáil ar phrionsabal an RI: **[Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]** **MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

**Marcanna le bheith tugtha d'athruithe soléire.**

**Dhá** chuntas le scríobh. (8 + 2) x 2 = 20M

**6C FORBAIRTÍ POLAITÍOCHTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ AOISE** **(30 MARC)**

(i) ***B-Speisialaigh*:** Fórsa póilíní páirt-aimseartha i dTuaisceart Éireann/ Fórsa póilíní frithNáisiúnach.

***Claonroinnt*:** Dáilcheantracha a lúbadh (ar mhaithe le páirtí polaitíochta amháin)

***Imtheorannú*:** Bheith curtha i bpriosún gan triail. 'Príosúnacht' amháin = 1M

**Dhá** mhíniú bailí 2 + 2 = 4M

(ii) Bunú an Gharda Síochána/ Córas cúirte neamhspleách a bhunú/ Corparáid Chairde na Talún nó an Corparáid Creidmheasa Talmhaíochta/ An tAcht um Thimpeall Toghcháin 1927/Scéim na Sionainne/ Ballraíocht i Léig na Náisiún/ Reacht Westminster, srl.

**Trí** <u>ní a baineadh amach</u> 3 x 2 = 6M

(iii) Marcáil ar phrionsabal an RI: **[Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]**

**MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

(a) Caith le hábhar suas go dtí 1932 mar "chúlra", i.e. 1 RI ar a mhéad. Téarma amháin, nó níos mó, de Chonradh Angla-Éireannach 1938 = 1 SRÁ ar a mhéid. Neodracht = 2M.

**DHÁ** chuntas le bheith scríofa (8 + 2) x 2 = 20M

**6D CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SA 20ú hAOIS** **(30 MARC)**

(i) ***An Comhaontú Cruacha*:** Aontú míleata le Hitler

Aontú le Hitler = 1M

***OVRA*:** Póilíní rúnda/ Eagraíocht a chur síos frith-Fhaisisteachas

***Squadristi:*** Na Léinte Dubha/ Lucht leanúna Mhussolini, faoi éide.

**Dhá** mhíniú bailí + 2 = 4M

(ii) Eagla roimh chogadh eile/ Eagla roimh Chumannachas/ Bhraitheadar go raibh Conradh Versailles ró-dhian/ Bhí costas ró-ard ag baint le ath-armáil/ Easpa ullmhúcháin mhíleata/ Eagla ar thíortha gníomhú leo féin.

**Dhá** chúis bhailí 2 + 2 = 4M

(iii) Marcáil ar phrionsabal an RI: **[Uasmhéid MC = 8M Uasmhéid MI = 2M]**

**MI**: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag

(b) Caith le himeachtaí tar éis 1939 mar RI amháin (mar shampla an Réiteach Deireannach) 1RI ar a mhéad.

Cuntas **AMHÁIN** le bheith scríofa 8 + 2 = 10M

(iv) Caithfidh na hiarrthóirí roghnú ó Thopaic 1 NÓ ó Thopaic 2 NÓ ó Thopaic 3 thíos:

**1 RI AR A MHÉAD LE hAGHAIDH IARMHAIRTÍ**

**Topaic 1 - Éirí na Sárchumhachtaí**

(i) Cuntas ar ghéarchéim ainmnithe de chuid an Chogaidh Fhuair idir SAM agus APSS, 1945-1963:

**Imshuí Bheirlín**: Caith le hábhar suas go dtí roinnt Bheirlín, agus é sin san áireamh, ina 4 chrios mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad. NÁ glac le Comhaontú Vársá nó Balla Bheirlín mar iarmhairtí an Imshuí.

**Cogadh na Cóiré:** Caith le hábhar suas go dtí deighilt na Cóiré in 1945, agus é sin san áireamh, mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.

**Géarchéim Dhiúracán Chúba:** Caith le hábhar suas go dtí ionradh Chuan na Muc 1961, agus é sin san áireamh, mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.

Marcáil ar phrionsabal an RI: **[Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M]**

MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag 12M

**Topaic 2 - Gluaiseachtaí i dtreo Aontacht na hEorpa**

(i) Cuntas ar bith ar imeachtaí a raibh aontacht Eorpach níos mó mar thoradh orthu, ó 1957 i leith.

Caith le himeachtaí roimh 1957 mar "chúlra" 1 RI ar a mhéad.

Marcáil ar phrionsabal an RI: **[Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M]**

MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag 12M

**Topaic 3 - Náisiúnachas na hAfraice nó na hÁise**

(i) Cuntas ar streachailt neamhspleáchais tíre **ainmnithe** de chuid na hAfraice nó na hÁise ó 1945 i leith

Caith le himeachtaí roimh 1945 mar "chúlra", i.e., 1 RI ar a mhéad.

Marcáil ar phrionsabal an RI: **[Uasmhéid MC = 10M Uasmhéid MI = 2M]**

MI: 2M = an-mhaith / go maith; 1M = measartha / go lag; 0 marc = an-lag 12M